NUACHTLITIR

# Gaelscoil Thaobh na Coille

Gaelscoil Thaobh na Coille

27/05/2015

## San eagrán seo:

### Inside this issue:


| | |
|---|---|
| Seachtain Spóirt & Spraoi | 1 |
| Clós Uile-Aimsire<br>Multi-use Games Area | 2 |
| Seó Talainne<br>Talent show | 2 |
| Feis Rince Scoile<br>Dancing Feis | 2 |
| Oíche Biongó | 3 |
| Bille Scoile<br>School Bill & Textbooks | 3 |
| Céad Chomaoineach | 3 |
| Ysgol Gymraeg Morswyn | 3 |
| Féinmheastóireacht Scoile<br>School Self-evaluation | 4 |
| Suirbhé Mata<br>Maths Survey | 4 |
| Scéalta Ranga<br>Class News | 4 |
| Cuairt na Naíonáin<br>Junior Infants Visit | 4 |
| Trialacha Caighdeánaithe<br>Standardised Tests | 5 |
| Bunachar Sonraí Ar-líne<br>Primary Online Database | 6 |
| Siúlóid Sléibhe<br>Mountain Hike | 6 |
| Banna Ceoil Scoile | 7 |
| Lúthchleasaíocht<br>Athletics | 8 |
| Cór na nÓg | 8 |
| Camógaíocht | 8 |




## Seachtain Mór Gníomhachta Spórt & Spraoi do chách

Bhí seachtain na ngníomhachta againn sa scoil le déanaí. Ghlac na daltaí páirt in imeachtaí éagsúla spóirt agus spraoi i rith na seachtaine. Cuireadh béim ar rannpháirtíocht & ar thaitneamh a bhaint as imeachtaí spóirt. D'éirigh thar cionn leis agus a bhuíochas don aimsir d'éirigh linn na himeachtaí ar fad a bhí eagraithe againn a chur i gcrích. Eagraíodh an 'Lá Spóirt' thar dhá lá i mbliana le freastal níos fearr a dhéanamh ar an méid daltaí agus ranganna atá sa scoil anois. Is mór an t-athrú atá tagtha ar chúrsaí ón gcéad lá spóirt a bhí againn le 20 dalta 20 bliain ó shin!

*As you know an action packed week of fun & sports was held in the school last week. The pupils participated in various sporting and fun events throughout the week. The emphasis was on participation & enjoyment of sporting activities. It was a great success and thankfully as the weather was with us we managed to run all the activities we had planned. Our sports day was held over two days this year as it works better given the number of pupils and classes we now have in the school. What a big change from the very first sports day that was held 20 years ago for 20 pupils!*



*R3A ag imirt Uni-hoc*



*R4B Shona, Ellen, Hannah, Sorcha, Clara*



*Rás Sac R1B : Niamh Ní Aoláin chun tosaigh!*



*Lá Spóirt Meitheamh 1996 !*

## Seó Talainne



**Talent show**

Dé hAoine

19 Meitheamh

12.00 a chlog

Halla na Scoile

Fáilte roimh Thuismitheoirí

Parents Welcome









## Clós Uile-Aimsire : Multi-use games area

Cé nach bhfuil mórán cloiste agaibh go hoifigiúil le píosa faoin gclós uile-aimsire ní hionann sin agus a rá nach bhfuilimíd ag obair ar! Tá fo-choiste ag obair leo go ciúin ón mbliain seo caite. Os rud é go bhfuil obair tógála an naíonra críochnaithe anois is féidir linn brú ar aghaidh leis an bplean atá againn clós uile-aimsire a chuir ar shuíomh na scoile. Cé gur bhreá linn dá bhféadfaimís páirc uile-aimsire a chuir ar an suíomh níl an spás fisiciúil ann dó. Chinneamar mar sin clós súgartha ilúsáideach nó MUGA (multi-use games area) a chuir isteach mar chlós breise agus mar áis don Corpoideachas. Tá an Comhlucht Donnelly Troy fostaithe againn leis an réamhobair ar fad is gá a dhéanamh le gur féidir linn tairiscintí a lorg ar an dtionscadail seo agus tá súil againn go dtosófar ar an obair i rith saoire an tSamhraidh. Cé go bhfuaireamar roinnt garbhmheastúcháin maidir le costas an tionsadail seo beidh praghas cinnte againn nuair a thagann na tairiscintí isteach agus beidh a fhios againn ansin cé mhéad airgid breise a bheidh orainn a thiomsú le cur leis an t-airgead atá curtha i leath taobh againn cheanna féin leis an gclós uile-aimsire a thógáil.

*Although we have been relatively quite with regard to the proposed all-weather yard/pitch I would like to assure you that planning works in relation to same are ongoing. A subcommittee has been working with the Board of Management at it quietly over the last year. Now that the naíonra's building works are complete we can move on with our plan to put an all-weather yard on the school site. Initially we spoke about putting an all-weather pitch on the site but after a thorough investigation of the school site we soon realised that we do not have enough land for a pitch. We have however decided to build an all-weather multi-use games area (MUGA) which will be used as an extra yard and a sports & PE facility.*

*We have engaged Donnelly Troy & Associates to undertake the preparatory work that is necessary in order to bring the project to tender and hope to get work on the all-weather yard started in the later part of the summer holidays. Although we have some rough estimates re cost of this project once the project goes to tender we will know exactly how much it will cost and we will also know how much we will need to fundraise in order to top up/supplement the money that has already been saved and set aside for the project.*

## Feis Rince Scoile : Irish Dancing Feis

Bhí Feis Rince Scoile againn ar an gCéadaoin sa caite. Daltaí R1 go R6 a ghlac páirt sa bhFeis. Comórtas Rince Fóirne a bhí i gceist. An Cor Beirte a bhí le rince ag R1 agus Cor a Síog a bhí le rince ag na ranganna eile. Bhí mé an-sásta go deo as na daltaí ar fad mar gheall ar an t-iarracht a chuir siad isteach sa rince a dhéanamh chomh maith is a d'fhéadfaidís agus an-bhródúil go deo as an dul chun cinn íontach atá déanta acu thar na blianta.

Buíochas speisialta lenár múinteoir rince Nuala Ní Eochaidh as an obair íontach a dhéanann sí leis na páistí i rith na bliana agus buíochas lena hiníon Joanne Gadja a tháinig ó Mheiriceá le moltóireacht a dhéanamh ar an bhFeis!

*An Irish Dancing Feis was held in school last Wednesday. All pupils from R1 to R6 participated in the Feis. R1 had to dance the Two Hand Reel and all the other classes danced The Fairy Reel. I was so proud of all the children as they danced to the best of their ability. It was wonderful to see how their dancing progressed over the years. A 'buíochas speisialta' to our múinteoir rince Nuala Ní Eochaidh for all her work during the year and a big thank you also to her daughter Joanne Gadja, who teaches Irish dancing in the USA who flew in to adjudicate the competition!*



*R6 ag caitheamh an t-éide rince nua ( le Nuala , Joanne & an Múinteoir )*



# Oíche Biongó Bingo Night

D'eagraigh Coiste na dTuistí 'Oíche Mór Biongó' do na daltaí i mí Bealtaine. Bhain na páistí agus a gcuid tuimitheoirí an-taithneamh go deo as an oíche. Buíochas le Kaitlin agus Dara ó Johnny Fox's as an t-inneall biongó a thabhairt ar iasacht dúinn don oíche. Buíochas speisialta le PJ Ó Coigligh as na huimhreacha a ghlaoch amach ar an oíche.

*The school's Parents Committee organised a Bingo Night for the pupils in May. It proved to be a great night's entertainment, enjoyed by children and adults alike. Thanks to Kaitlin and Dara in Johnny Fox's for giving us the use of their bingo machine for the night. Thanks also to PJ Ó Coigligh who called out the numbers on the night.*




*PJ Ó Coigligh*



# Bille Scoile & Téacsleabhair do 2015/2016

Tá scéim iasachta téacsleabhair i bhfeidhm againn sa scoil, chun costas na dtéacsleabhair scoile a laghdú. Beidh cuid de na téacsleabhair ar fáil ar iasacht ón scoil agus beidh an chuid eile le ceannach agaibhse sibh féin. Beidh an Bille Scoile & Liosta Téacsleabhair atá le ceannach don bhliain seo chugainn 2015/2016 ag dul amach chugaibh gan mhoill.



### School Bill & Textbook List

*We have a partial textbook rental scheme in place in the school to help keep the cost of school textbooks down. Some books on your child's booklist will be rented from the school and the rest you will have to purchase yourselves.*

*The school bill and textbook list for 2015/2016 will be distributed shortly.*

# Céad Chomaoineach

Míle buíochas le gach duine a raibh baint acu leis an gCéad Chomaoineach agus a chinntigh go raibh lá an-speisialta ag páistí R2 agus a muintir. Buíochas leis na Muinteoirí, Coiste na dTuistí & Tuistí R1 a chuir sóláistí fíor-álainn ar fáil sa halla in ndiaidh an tsearmanais. Bhí an bia do-chreidte!



*Thanks a million to everyone who played a part in making the first communion day so special for the children in R2 & their families.*

*Buíochas leis na Muinteoirí, Coiste na dTuistí and Tuismitheoirí R1 who put on an incredible spread in the halla after the ceremony. The food was absolutely amazing!*

# Ysgol Gymraeg Morswyn

Cuairt ar ár gcairde sa Bhreatain Bheag : Le 9 mbliana anuas tá cuairt á thabhairt ag daltaí R5 ar dhaltaí ar chomh aois leo féin a fhreastalaíonn ar 'Ghaelscoil' Breatanaise i Holyhead sa Bhreatain Bheag. Tugann daltaí Ghaelscoil Thaobh na Coille cuairt lae ar an mBreatain Bheag agus tagann daltaí Ysgol Gymraeg Morwsyn ar cuairt ansin go Gaelscoil Thaobh na Coille. Beidh daltaí R5 ag dul ag an mBreatain Bheag ar an gCéadaoin seo ag teacht agus beidh muintir na Breataine Bige ag tabhairt cuairt ar Ghaelscoil Thaobh na Coille ar an Déardaoin dar gcionn an 11 Meitheamh.




*Visiting our friends in Wales : Since 2005 the pupils in R5 have been visiting pupils of a similar age who attend a Welsh speaking 'Gaelscoil' in Holyhead in Wales. The pupils from Gaelscoil Thaobh na Coille take a day trip to Wales and the pupils from* Ysgol Gymraeg *Morwsyn make a return trip to Gaelscoil Thaobh na Coille. Rang a 5 will travel over to Wales this coming Wednesday and the pupils from* Ysgol Gymraeg Morwsyn will make a return visit the following week on Thursday the $11^{th}$ of June .

## Cuairt na Naíonáin Nua

Tabharfaidh na páistí a bheidh ag tosú sa scoil i rang na naíonáin i mí Meán Fómhair 2015 cuairt ar ar scoil ar an Luan an 8 Mei-theamh. Buailfidh siad lena gcuid comhscoláirí agus caithfidh siad roinnt ama ag súgradh sa seomra ranga.



### Dé Luain

### 08/05/2015

### 1pm - 2pm

*Next year's junior infants are invited to visit the school on Monday the 8th of June where they will meet their fellow classmates and spend some time playing in their classroom.*

## Féinmheastóireacht Scoile : Uimhearthacht

Chomh maith lenár bplean feabhsúcháin don litearthacht Gaeilge a chuir i bhfeidhm i mbliana 2014/2015 roghnaíomar an Uimhearthacht (Matamaitic) mar réimse fócais eile d'fhéinmheastóireacht scoile i nGaelscoil Thaobh na Coille. Tá inniúchadh agus ainilís á dhéanamh againn faoi láthair ar theagasc agus foghlaim na matamaitice sa scoil. Cuirfear Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile don uimhearthacht i gcrích roimh dheireadh na scoil bhliana seo agus cuirfear Plean Feabhsúcháin Scoile don uimhearthacht i bhfeidhm i Meán Fómhair 2015.

Díreoidh an plean seo ar na laigeachtaí a aithímid san uimhearthacht a fheabhsú agus cuirfear plean gníomhartha le chéile chun torthaí foghlama na ndaltaí a fheabhsú.

SCHOOL SELF-EVALUATION: Numeracy

*This year 2014/2015 as well as implementing our improvement plan for literacy in Gaeilge we chose Numeracy as our focus for our school self-evaluation. We are presently evaluating and analysing the teaching and learning of Numeracy (Mathematics) in our school. We hope to complete a self-evaluation report on numeracy before the end of the school year and implement a school improvement plan for numeracy in September 2015.*

Our school improvement plan *for numeracy will focus on improving the weaknesses identified and prioritise them for improvement and development.*

## Suirbhé Matamaitice Maths Survey

Mo Pháiste agus Mata

Míle buíochas le tuismitheoirí uile na scoile as an Suirbhé Matamaitice a líonadh dúinn le déanaí. Táimid an-bhuíoch as an t-am a ghlac sibh leis an suirbhé a líonadh agus as na tuairimí agus moltaí a léirigh sibh 'sna freagraí.



*My Child and Maths*

*Míle buíochas to all our parents for completing the Maths Survey recently. We were delighted with the response and are very grateful to all of you who put time and thought into answering the questions and sharing your opinions and recommendations with us.*

## Scéalta Ranga Class News

Seo thíos scéalta beaga ranga ó na páistí…

N1A Bhí an dochtúir sa scoil agus fuair na páistí ar fad instealladh.

N1B Tá na páistí ag foghlaim agus ag canadh faoin bhfeirm.

N1C Tá muid ag péinteáil le mirlíní inniu. Tá sé an-aisteach!

N2A Chuir na páistí síolta puimpcín i bpota. Beidh puimcín amháin ag gach páiste d'Oíche Shamhna.

N2B Bíonn an-spórt againn inár rang. Is fir agus mná poist muid an tseachtain seo!

R1A Tá Rang 1A gafa le leabhair Roald Dahl faoi láthair. Léamar The Twits, Fantastic Mr Fox, George's Marvellous Medicine agus Matilda! Is breá linn an t-údar seo.

R1B Tháinig an dochtúir (mamaí le Sorcha Borland) ar chuairt chugainn agus d'inis sí dúinn faoin obair a dhéanann sí gach lá.

R2A Tháinig mamaí Alex abhaile ó Belarus inné. Bhí sí ann ag imirt haca ar son na hÉireann.

R2B Tá rang a 2B ag foghlaim faoi crosfho-cail i mBéarla agus i nGaeilge. Is bréa linn iad.

R3A Tá cúigear ó rang a 3A ag glacadh páirt i gcomórtais luthchleasaíochta Seantraibh i mbliana.

R3B Thug Jack Ó Riordán cuairt ar ospidéal na bpáistí i dTamhlacht le foghlaim faoi obair na ndochtúirí ansin.

R4A Tá torbáin againn i Rang 4A agus tá siad ag fás agus ag forbairt gach lá. Beidh froganna againn go luath.

R5 Beidh Rang a 5 ag tabhairt aghaidh ar an mBreatain Bheag ar a gCéadaoin an 3ú de mhí an Mheithimh.

R6 Táimid ag súil go mór lenár dturas scoile go Béal Feirste an tseachtain seo chugainn!

## Trialacha Caighdeánaithe : Cad a dhéanann siad a thomhas?

### Trialacha Caighdeánaithe

Ceanglaítear ar scoileanna a mhúineann trí Ghaeilge trialacha caighdeánaithe a chur chun feidhme sa léitheoireacht Ghaeilge, sa léitheoireacht Bhéarla agus sa Mhatamaitic le linn na tréimhse Bhéaltaine/Meitheamh i gcás gach dalta i rang 2, i rang 4 agus i rang 6. I nGaelscoil Thaobh na Coille cuireann muid trialacha caighdeánaithe ar dhaltaí uile na scoile ó Rang a 1 go Rang a 6.

### Céard a dhéanann tástálacha caighdeánaithe a thomhas?

Déanann tástálacha i léamh an Bhéarla agus sa mhatamaitic gnóthachtáil do pháiste a thomhas, i gcomparáid le páistí eile i ngach scoil sa rang céanna nó sa leibhéal céanna aoise. Déanann an tástáil chaighdeánaithe i léamh na Gaeilge gnóthachtáil pháiste a thomhas, i gcomparáid le páistí eile i scoileanna ina múintear trí Ghaeilge sa rang céanna nó sa leibhéal céanna aoise.

### An ionann triallacha caighdeánaithe agus trialacha éirime?

Ní mar a chéile trialacha caighdeánaithe agus trialacha éirime. Sé'n aidhm atá le trialacha caighdeánaithe ná treoir a thabhairt don mhúinteoir maidir le foghlam do pháiste agus le tú a chur ar an eolas faoi conas atá ag éirigh le do pháiste sa léitheoireacht i nGaeilge agus i mBéarla agus sa mhatamaitic. Tugann an scrúdú léitheoireachta Béarla & Gaeilge le fios dúinn cé chomh maith is a thuigeann do pháiste cad atá léite aige/aici. Ní bhailíonn sé eolas ar bith maidir le cumas labhartha nó scríofa do pháiste. Tugann an scrúdú matamaitice le fios dúinn cad é cumas an pháiste ó thaobh uimhreas agus réiteach faidhbe de. Nuair a fhéachtar ar thorthaí na dtrialacha (Léitheoireacht Béarla/Gaeilge & Mata ) in éineacht le h-eolas bhreise a bhailíonn an múinteoir ó bhreathnadóireacht a dhéanamh ar an bpáiste, labhairt leis/leí agus é/í i mbun obair ranga chomh maith le hobair an pháiste a mheas, is féidir leis an múinteoir láidreachtaí agus riachtanaisí do pháiste a mheas 'sna réimsí seo amháin.

## Standardised Testing : What does it measure?

### *Standardised Testing*

*Irish medium schools are required to administer standardised testing in Irish reading, English reading and Mathematics during the period May/June for all students in 2nd, 4th and 6th classes on an annual basis. In Gaelscoil Thaobh na Coille we administer standardised tests in all classes from Rang a 1 to Rang a 6.*

### *What do standardised tests measure?*

*Standardised tests in English reading and maths measure your child's achievement compared to other children in all schools at the same class or age level. The standardised test in Irish reading measures a child's achievement compared to other children in Irish-speaking schools at the same class or age level.*

### *Are standardised tests the same as intelligence tests?*

*Standardised tests are not intelligence tests. The main purposes of using standardised tests are to help the teacher plan your child's learning, and to inform you about how well your child is doing in English & Irish reading and maths. The English/Irish reading test gives information about how well your child can understand what he/she has read. The test does not gather information on your child's written or spoken English or Irish. The maths test finds out how well your child can use numbers for different purposes and solve maths problems. When the test scores are used alongside other information gathered by the teacher through observing your child at work, talking with him/her and looking at his/her work, they show how your child is getting on in English & Irish reading and in maths, and help the teacher to identify your child's strengths and needs in these areas only.*









**** NUA : NEW ****

Gaelscoil Thaobh na Coille

## Bunachar Sonraí ar-Líne do Bhunscoileanna: Primary Online Database (POD)

*<u>Eolas faoi dhaltaí atá ag teastáil don Bhunachar Sonraí Ar Líne do Bhunscoileanna de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna</u>*

Tá bunachar sonraí leictreonach aonair forbartha ag an Roinn de dhaltaí bunscoile, ar a dtugtar an Bunachar Sonraí Ar Líne do Bhunscoileanna (POD), agus is éard a bheidh i gceist leis seo ná go gcoinneoidh scoileanna sonraí faoi dhaltaí agus go seolfaidh siad isteach chuig an Roinn iad ar leibhéal an dalta aonair ar chóras beo. Cuirfidh an bunachar ar chumas na Roinne dul chun cinn agus torthaí na ndaltaí ag leibhéal na bunscoile a mheas, tuairiscí um chlárú scoile a dhearbhú do chúiseanna íocaíochta deontais agus leithdháilte múinteoirí, gníomh a dhéanamh maidir le daltaí nach ndéanann an t-aistriú leibhéal na bunscoile go leibhéal na hiarbhunscoile, agus do thuairisciú staitisticiúil.

Coimeádfaidh an bunachar sonraí faoi na daltaí bunscoile uile, lena n-áirítear Uimhir PSP, Céadainm, Sloinne, Ainm mar atá ar an Teastas Breithe, Ainm na Máthar roimh Phósadh, Seoladh, Dáta Breithe, Gnéas, Náisiúntacht, cé acu an bhfuil Gaeilge nó Béarla mar mháthairtheanga ag an dalta, cé acu an bhfuil Tacaíocht Foghlama á fháil ag an dalta agus, má tá, cineál na tacaíochta foghlama, cé acu an bhfuil an dalta i Rang Príomhshrutha nó Speisialta. Coimeádfaidh an bunachar taifead ar an ngrúpáil ranga agus caighdeán ag a bhfuil an dalta cláraithe. Coimeádfaidh an bunachar eolas freisin, <u>ar bhonn roghnach</u>, faoi reiligiún an dalta agus faoina gcúlra eitneach nó cultúrtha.

D'fhonn chuidiú le bailiú na sonraí beimid ag iarraidh oraibh foirm POD a líonadh isteach an tseachtain seo chugainn agus iarraimíd oraibh é a sheoladh ar ais chuig an scoil gan mhoill. Coinneoidh an bhunscoil an fhoirm seo.

<u>Pupil Information required for Department of Education and Skills Primary Online Database</u>

*The Department of Education and Skills is developing an electronic database of primary school pupils called the Primary Online Database (POD) which will involve schools maintaining and returning data on pupils to the Department at individual pupil level on a live system. The database will allow the Department to evaluate progress and outcomes of pupils at primary level, to validate school enrolment returns for grant payment and teacher allocation purposes, to follow up on pupils who do not make the transfer from primary to post primary level and for statistical reporting.*

*The database will hold data on all primary school pupils including their PPSN, First Name, Surname, Name as per Birth Certificate, Mother's Maiden Name, Address, Date of Birth, Gender, Nationality, whether one of the pupil's mother tongues is English or Irish, whether the pupil is in receipt of Learning Support and if so the type of learning support, whether the pupil is in a Mainstream or Special Class. The database will record the class grouping and standard the pupil is enrolled in. The database will also contain, <u>on an optional basis</u>, information on the pupil's religion and on their ethnic or cultural background.*

*In order to assist with the gathering of data we will be asking you to please complete a POD form next week and ask that you return it to the school asap. This form will be retained by the school.*



## Siúlóid Sléibhe go barr Sliabh Rua

Chuaigh daltaí Rang a 4 go Rang a 6 ar shiulóid sléibhe suas go barr Sliabh Rua mar chuid de Sheachtain Mór Gníomhaíochta na scoile. Cé nach raibh an aimsir geallta a bheith ró-mhaith ní mar sin a bhí ar chor ar bith agus bhí lá fíor-álainn go deo againn. Nuair a shroich na páistí an barr ghlac gach duine scíth agus d'itheadat an lón sula ndearna siad a mbealach ar ais síos chun na scoile agus an Múinteoir Ní Chléirigh ag canadh & ag mealladh amhráin ó na páistí!



*Rang a 4 to Rang a 6 took to the hills last week as part of our Seachtain mór Gníomhaíochta. They made their way from the school up to the top of Three Rock. The weather was unexpectedly beautiful, with blue skies and warm sunshine. The children had their lunch on the summit before making their decent back down to the school with an Múinteoir Ní Chléirigh keeping everyone going with lots of singing and good cheer!*



## An Banna Ceoil Scoile School Band



Thainig borradh faoi leith ar Bhanna Ceoil na scoile i mbliana le beagnach 70 dalta páirteach ann. Bíonn cleachtadh ag Rang a 3 gach Máirt agus Déardaoin ag am lóin ar feadh 15 nóimead. Bíonn cleachtadh ag Rang a 4,5, agus a 6 gach Déardaoin ar feadh 15 nóiméad. Sa tríú téarma bíonn seisiún againn sa halla do gach duine, Dé Máirt agus Déardaoin.

Chuir muid clár le chéile don Chórfhéile san ionad Náisiúnta Cispheile i dTamhlacht. Ba é a Banna Ceoil ba mhó a bhí ar an stáitse! Tá ceangail déanta le Scoil Lorcán agus Gaelscoil na Cille i gContae na Mí, agus bíonn turas ag an mbanna ceoil chuig na scoileanna seo le haghaidh seisiúin. Bíonn idir ceol, rince agus amhranaíocht ann agus baineann na daltaí lán sult as an lá.

Beidh Ceolchoirm ar siúl ar an 17ú Meitheamh 2015 ag a 6.in. Taispeánfar an réimse ceoil atá ar siúl ag an mbanna agus tabharfar deis dár gcuid réalta a gcuid ceoil a léiriú. Beidh fáilte roimh tuismitheoirí Rang a 2,3,4,5, agus 6 an oíche sin.

Tá buíochas ar leith ag dul do na múinteoirí a thugann suas a gcuid am lóin go rialta chun é a dhéanamh; An Múinteoir Úna Ní Fhlatharta, an Múinteoir Cormac Chambers, an Múinteoir Ríchael Ní Thiarnaigh agus an Múinteoir Tomás Mac Uileagóid.

*This year saw a rapid expansion to the school 'Banna Ceoil' with nearly 70 pupils involved weekly. Rang a 3 practiced twice weekly at lunchtime on Tuesdays and Thursdays for 15 mins. Rang a 4,5,6 practiced every Thursday for 15 mins. In the third term we have a twice weekly session in the halla twice.*

*We put together a programme for the 'Córfhéile', which afforded an opportunity for our pupils to perform on stage in the National Basketball Arena in Tallaght. We were certainly the biggest band on stage. We have established contact with two other schools who have a Banna Ceoil, Scoil Lorcán and Gaelscoil na Cille in Ashbourne. We each host a session for the other two schools. This comprises playing a common repertoire, learning sean-nós dancing and singing traditional songs. The children really savour these days.*

*We will have an end of year concert on the 17th June at 6.p.m in the school to showcase the band and the various groups of musicians and individuals the school is fortunate enough to have. Parents of pupils from Rang a 2 are especially invited, along with the parents of Rang 3,4,5,6.*

*A special word of thanks to the teachers who are so generous with their time; An Múinteoir Úna Ní Fhlatharta, an Múinteoir Cormac Chambers, an Múinteoir Ríchael Ní Thiarnaigh and an Múinteoir Tomás MacUileagóid.*



*Tomás , Úna & Richeal*

*Lúthchleasaíocht 2015*



*Buaiteoirí : David, Róisín, Rachel & Beatrice*

*Cór na nÓg - Ceolchoirm Réigiúnach BÁC*



*Buachaillí R5*



*Cór na nÓg - Sopranos*



*Cór na nÓg - Altos*

## Lúthchleasaíocht : Cumann na mBunscol

Glacann daltaí na scoile páirt i gcomórtais lúthchleasaíochta Chumann na mBunscol I Seantraibh gach bliain. Dhá lá iomaíochta a bhíonn I gceist - comórtais páirce agus comórtais traic. Bhí daltaí na scoile seo ag iomaíocht 'sna comórtais páirce ar an Luan. Seo thart. D'éirigh thar barr leo ar fad agus tháinig 4 ar ais chun na scoile le boinn. Tháinig David Bosch sa 2 háit sa chliathrás faoi 11, Tháing Beatrice Cooke sa 2 háit sa chlitahrás faoi 14. Tháinig Rachel Nic Leannáin sa 3 háit sa Shot putt agus tháinig Róisín Ní Chathasaigh sa 2 háit sa rás 600m faoi 12. Beidh slua mór ag iomaíocht arís amárach 'sna comórtais traic. Táim cinnte go n-éireoidh go geal leo.

*The school's athletics team competes in Cumann na mBunscol's Athletics competitions in Santry every year. It is run ovet two day with the field events held on one day and track events on another. Our pupils competed in the field events on Monday last. They did really well and came home with four wins. David Bosch came 2nd in the under 11 hurdles . Beatrice Cooke came 2nd the under 14 hurdles 1. Rachel Nic Leannáin came 3rd in the Shot putt and Róisín Ní Chathasaigh came 2nd in the under 12's 600m race. Over 40 pupils from the school will be heading to Santry tomorrow for the tack events and we wish them all the best for that.*



*Buaiteoirí 2004 - leis an Múinteoir Ní Dhubhthaigh & An Múinteoir Priestley i R6 !*

## Cór na nÓg **National Children's Choir**

Bhí rang a 5 & rang a 6 ag cleachtadh agus ag foghlain clár amhrán Chór na nÓg gach Máirt ó thus na bliana. Bhuaileamar le scoileanna eile agus bhí am iontach ag gach éinne. An t-amhrán is fearr le gach duine ná "Rhythm of Life". Ar an 29 Aibreáin, chuamar chuig an Ionad Náisiúnta Cispheile i dTamhlacht. Chanamar alán amhráin mar shampla, Bealtaine na Maighdine, Journey of Hope agus 76 trombones! Bhí an ceolchoirm ar fheabhas aus bhí spóirt & spraoi ag gach duine.

*The students of fifth and sixth class have been learning and practising the repertoire of The National Children's Choir every Tuesday since the start of the year. We met with other schools for rehearsals during the year and we all had great fun. Everyone's favourite song was "The Rhythm of Life". On the 29th of April we went to the National Basketball Arena to participate in the Dublin Regional Concert. The choir of 500 children sang a lot of songs including Bealtaine na Maighdine , Journey of Hope and 76 Trombones. Everyone had great fun !*

*Scríofa ag Megan Ní Chaoilte agus Noelle Ní Lúing R6*

## Camógaíocht: 2015

Tá an leath craobh sa chamógaíocht sroichte againn anois. Tá na cáilíní ó rang a 4-6 ag obair go dian le cúpla seachtain anuas. Déanann an Múinteoir Ní Dhúbhthaigh agus an Múinteoir Ní Chonaill an traenáil camógaíochta linn. Ní bheadh muid anseo gan iad. Bíonn traenáil againn gach Aoine ó a dó a chlog go dtí a trí a chlog sa pháirc uile-aimsire sa Chéim. Táimid chun an-iarracht a dhéanamh an leath craobh a bhuachaint ionas go n-éireoidh linn Páirc an Chrócaigh a shroichint.

*We have reached the semi finals in our camógaí league. The girls from 4-6 class have been working very hard for the past few weeks. Múinteoir Ní Dhúbhthaigh and Múinteoir Ní Chonaill have been coaching us. We wouldn't be here without them. We have training every Friday from 2pm- 3pm in the all weather pitch in Stepaside . We are going to do the best we can to win the semi finals and hopefully we will get to play in Croke parkJ*

*Scríofa ag Beatrice Cooke agus Rachel Ní Thnúthail R6*